## Cuntas a thabhairt ar Dheontais a Fuarthas Roimh Ré

I gcás na ndeontas atá liostaithe sa tábla thíos, faightear cuid den deontas, nó i gcásanna áirithe faightear an deontas go léir sa scoilbhliain reatha ach baineann sé leis an scoilbhliain dár gcionn.

Ba chóir cuntas a thabhairt ar an gcuid a bhaineann leis an scoilbhliain dár gcionn sa chód/sna cóid ábhartha 2150-2152 ag deireadh na bliana. Sainaithnítear ann freisin an cód comhfhreagrach don ioncaim deontais ar cheart dochar na hirise a phostáil chuige freisin.

Faightear na deontais seo a leanas roimh ré.

| Deontas | Faighte i | Don tréimhse | An chuid a fuarthas roimh ré | Cód an Chláir Chomhardaithe | Deontas Cóid Ioncaim | Bunscoil | Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha | Meánscoilean na Deonacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Cód Cr Dialainne | Leabhar cúnta Cód Dochair | | | |
| Deontas Leabhar | Meitheamh | Don Scoilbhliain seo a leanas | 100% | 2151 | 3150 | □ | □ | □ |
| Deontas DEIS (I Scoileanna DEIS amháin) | Meitheamh* | Don Scoilbhliain seo a leanas | 100% | 2152 | 3020 | □ | □ | □ |
| Deontas Neamhphá | Iúil | Iúil/Lún/MFómh | 1/3 | 2150 | 3010 | | □ | |
| Deontas Pá Neamhtheagaisc | Iúil | Iúil/Lún/MFómh | 1/3 | 2150 | 3030 | | □ | |
| Deontas SSSF | Meitheamh | Iúil/Lún/MFómh/ DFómh | 50% | 2150 | 3050 | | □ | |

*Deontas DEIS – d'fhéadfadh uainiú an deontais seo a bheith éagsúil. Má fhaightear é idir Aibreán agus Lúnasa, is don scoilbhliain dár gcionn atá sé.